



Comhairliúchán Poiblí na Scéime Beartaithe

Deireadh Fómhair – Samhain 2014

Tugann an nuachtlitir seo léargas ginearálta ar an mbealach is dealraithe aitheanta don scéim bheartaithe Swiftway Shoid/an Aerfort go Lár na Cathrach.

Tá a thuilleadh sonraí ar an scéim bheartaithe, lena n-áirítear pleananna deartha reatha na scéime, ar fáil ar an rannóg “Public Consultations” de shuíomh gréasáin an Údarás Náisiúnta Iompair www.nationaltransport.ie. Is féidir aighneachtaí maidir leis an togra seo a dhéanamh tríd an suíomh gréasáin seo, nó sa phost chuig ‘Swiftway BRT - Comhairliúchán um Scéim Shoid/an Aerfort go Lár na Cathrach’, An tÚdarás Náisiúnta Iompair, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, roimh 5in ar an Aoine, 28^ú Samhain 2014.

Beidh an scéim bheartaithe ar thaispeáint in oifigí Chomhairle Contae Fhine Gall i Sord, i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag Cé an Adhmaid, agus san Údarás Náisiúnta Iompair, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, ó Dé Máirt 14^ú Deireadh Fómhair go dtí Dé Máirt 25^ú Samhain 2014. Lena chois sin beidh roinnt seisiún oscailte ag láithreacha ar feadh na cois le linn tréimhse an chomhairliúcháin phoiblí. Beidh baill den fhoireann tionscadail i láthair chun ceisteanna a fhreagairt maidir leis an scéim bheartaithe. Tá dátaí agus amanna na seisiún oscailte seo ar fáil ar an suíomh gréasáin agus beidh siad á bhfógairt sna meáin freisin.

 swiftway.ie

 info@swiftway.ie



Cén fáth an mbeidh Bus Gasta ar an gconair seo?

Is mórbhealach iompair í conair Shoid/an Aerfort go Lár na Cathrach, le go leor ceann scríbe ar feadh an bhealaigh, nó gar dó. Ina measc tá Aerfort Bhaile Átha Cliath, Seantrabh, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Coláiste Phádraig, Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, roinnt ospidéal chomh maith le limistéar mór fáis Shoid féin.

I measc na bpríomhghnéithe atá le córas BRT tá minicíocht na seirbhíse agus amanna taistil gasta agus iontaoifa. Tá sé ar intinn go bhfeidhmeodh an tseirbhís bheartaithe Swiftway i dtosach ag minicíocht thart ar gach ceithre nóiméad le linn buaic-thréimhsí comaitéireachta ar na codanna is gnóthaí den bhealach.

Tá sé dóchúil go mbeidh seirbhís Swiftway ar leith ag tosú agus ag críochnú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ag dul isteach go Lár na Cathrach.

Tá sé beartaithe freisin le tabhairt isteach BRT go dtabharfar buntáistí foriomlána don ghréasán bus i dtéarmaí éifeachtúlachta agus acmhainne. I gcás roinnt bealaí áireofar leis seo atheagrú comhlántach an ghréasáin bus, le leas suntasach á bhaint ag seirbhísí bus eile as an mbonneagar tosaíochta BRT á soláthar ar an gconair.



Príomh-shaintréithe

Feithicil

- Feithicilí ard-chaighdeán, nua-aimseartha, tarraingteacha agus compordacha
- Feithicilí altach amháin a bheidh 18m ar fad, a mbeidh doirse iolracha uirthi a éascóidh bordáil agus tuirlingt go tapa agus a chuirfidh le hiontaofacht
- Acmhainn 120 duine a iompar in aghaidh na feithicil



Leithscaradh & Tosaíocht

- Dromchla ardchaighdeán, réidh agus cothrom
- Scartha amach go maith ó ghnáth-thrácht
- Lánaí BRT amháin nó lánaí roinnte Bus/ BRT in úsáid
- Tús áite ag comharthaí tráchta agus ag acomhail



Costas

- Go ginearálta cosnaíonn sé idir ¼ agus ½ den chostas a bhaineann le córas iarnróid éadrom
- Is minic a thógann sé níos lú ama BRT a thógáil seachas córas iarnróid éadroim rud a chiallaíonn gur féidir na buntáistí a sholáthar níos luaithe
- Ní gá athlonnú mór a dhéanamh ar fhóntais ná rianta a thógáil



➤ An Bealach Is Dealraithí agus Láthair na Stadanna

Tosaíonn an bealach is dealraithí ar Bhóthar Sínteach Ghleann Eibhlín in iarthuaisceart Shoard, ag gabháil ar feadh Bóthar Ghleann Eibhlín, Bóthar Bhaile Anraí agus Bóthar Ghráinseach an Chaisleáin, le stadanna á soláthar sa tSeanbhaile, Coill na nÚll, Lána Jugback agus Bóthar Ghráinseach an Chaisleáin.

Ó Bhóthar Ghráinseach an Chaisleáin, leanann an bealach is dealraithí an R132, le stadanna á soláthar ag an Inbhear, Baile na Trá, acomhail Bhóthar Mhullach Íde agus Bhóthar Chnoc Pheannóg. Freastalóidh na stadanna seo ar cheantair chónaitheacha in aice lámh agus ar lárionad tráchtála Shoard.

Ó Shord, leanann an bealach is dealraithí ar aghaidh ar feadh an R132 ag stopadh ag Taobh an Aerfoirt, ag freastal ar cheantar Ghleann na hAbhann agus Páirc Miondíola Thaobh an Aerfoirt. Tá poitéinseal ann freisin le haghaidh stad amach anseo ag Clochrán.

Meastar go stopfaidh seirbhísí ó Shord ag stad an Aerfoirt lonnaithe ar an R132, le seirbhís ar leith go dtí/ó lár na cathrach, ag críochnú laistigh de champas an aerfoirt.

Ón aerfort, leanann an bealach is dealraithí an R132 le stad á mholadh amach anseo ag Baile an Dairdisigh. Beidh stad lonnaithe ag an mbealach isteach go dtí an Choill Thuaidh chun freastal ar éileamh cónaitheach agus fostaíochta reatha sa cheantar.

Ag druidim le Seantrabh casann an bealach is dealraithí i dtreo Lána na Cúlóige agus ansin ar an N50. Soláthrófar dhá stad chun freastal ar cheantar Sheantraibh, mar aon leis an gCúlóg agus Beaumont.

Ag leanúint ar aghaidh ar an R132, tá an chéad stad eile lonnaithe ag acomhail Ascaill Uí Choileáin, agus é mar an príomhstad d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. I nDroim Conrach, beidh stad lonnaithe lasmuigh de Choláiste Phádraig. Beidh an chéad stad eile lonnaithe ag Stáisiún Dhoim Conrach chun idirmhalartú a éascú le seirbhísí iarnróid fo-uirbeacha.

Leanann an bealach is dealraithí ar aghaidh ar feadh Sráid Dorset le stad lonnaithe ó dheas ó Shráid Ghairdinéir ag freastal ar cheantair chónaitheacha sa chomharsanacht, mar aon le hOspidéal an Mater.

Ó Shráid Dorset, casann an bealach i dtreo Sráid Fhreidric Thuaidh agus leanann sé ar aghaidh go Cearnóg Parnell Thoir áit ina bhfuil an chéad stad eile lonnaithe.

Leanann an bealach is dealraithí ar feadh Sráid Uí Chonaill áit ina mbeidh stad lonnaithe chun freastal ar chroí tráchtála lár na cathrach thuaidh agus ag soláthar idirmhalartú leis an Luas agus seirbhísí bus eile.

Ó dheas ón Life, gabhann an bealach ó dheas ar feadh Sráid D'Olier. Ó thuaidh,

taistealaíonn an bealach ar feadh Sráid an Choláiste agus Sráid Westmoreland. Beidh an stad ó dheas lonnaithe ar Shráid D'Olier leis an stad comhfhreagrach ó thuaidh lonnaithe ar Shráid Westmoreland chun freastal ar cheantar lár na cathrach theas, lena n-áirítear Barra an Teampaill agus Coláiste na Tríonóide.

As seo taistealaíonn an bealach is dealraithí ar feadh Sráid Chnoc na Lobhar sula gcasann sé i dtreo Sráid Lombard. Rachaidh feithiclí ag gabháil ó thuaidh ar feadh an chuid seo trí mheán Sráid an Phiarsaigh. Beidh stad lonnaithe ag acomhail Shráid an Phiarsaigh agus Rae an Iarthair, ag soláthar idirmhalartú le seirbhísí iarnróid ag Stáisiún an Phiarsaigh.

Leanann an bealach is dealraithí ar aghaidh ar feadh Rae an Iarthair, Sráid Mhuirfean Íochtarach agus ar aghaidh go Cearnóg Mhuirfean Thiar. Ó thuaidh, leanfaidh an bealach is dealraithí ar feadh Sráid an Chláraigh agus Plás Lincoln. Freastalóidh stad Cearnóg Mhuirfean ar cheantar gnó an oirthuaiscirt agus ar chroí miondíola Shráid Grafton.

Ó Cearnóg Mhuirfean, leanann an bealach ar aghaidh díreach trí Phlás Íle agus go dtí an chéad stad eile ar Shráid Hume in aice le Faiche Stiabhna. Beidh an stad deireanach lonnaithe ar Ardán Phort an Iarla in aice leis an gCeoláras Náisiúnta.



Cad a tharlaíonn ansin?

Tar éis comhlánú an chomhairliúcháin poiblí, déanfar dearadh na scéime a chur chun cinn, le haird á thabhairt ar bhreithniúcháin agus aighneachtaí a ndéantar mar chuid den chomhairliúchán poiblí seo. Déanfar iarratas, lena n-áirítear Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus ordú ceannaigh éigeantaigh chun an talamh a fháil atá riachtanach do thógáil na scéime, chuig An Bord Pleanála ar thoiliú pleanála i Ráite 1 2015. Beidh comhairliúchán reachtúil tar éis cur ar fáil na pleanála.

I ndiaidh céim na pleanála, tabharfar dearadh mionsonraithe na scéime chun críche agus ullmhófar cáipéisí tairisceana i dtaca le soláthar bonneagar, córais ghaolmhara agus fáil flit feithiclí. Táthar ag ceapadh go ghairfidh an tógáil thart ar dhá bhliain go leith.